


# Ó GHUAL AGUS CRUACH GO DTÍ AN EURO COITEANN AGUS INA DHIAIDH SIN



## 1950: DEARBHÚ SCHUMAN

Reáchtáil an tAire Gnóthaí Eachtracha, Robert Schuman, preasócaid an 9 Bealtaine 1950. D'iarr sé ar thíortha Eorpacha eile acmhainní guail agus cruach a chomhthiomsú. Toisc gur comhpháirteanna riachtanacha iad guail agus cruach le haghaidh táirgeadh arm, bhí súil aige nach bhféadfaí cogadh a bheith ann san Eoraip a thuilleadh mar gheall ar an gcomhar sin. Anuas air sin, bhí guail agus cruach an-tábhachtach maidir leis an mór-roinn a atógáil tar éis an Chogaidh.

DEARBHÚ SCHUMAN © European Communities, 1950\*



## 1979: NA CHÉAD TOGHCHÁIN DHÍREACHA CHUN PARLAIMINT NA hEORPA

Thogh saoránaigh Chomhphobail na Eorpa a n-ionadaithe go díreach i bParlaimint na hEorpa den chéad uair i Meitheamh 1979. Ag an am, bhí naoi dtír, a thogh 410 bhFeisire don tréimhse 1979 – 1984.

Ionad vótála sna toghcháin Eorpacha, an Bheilg © European Communities, 1979



## 1986: AN IONSTRAIM EORPACH AONAIR

Tríocha bliain tar éis do na tíortha a chinneadh cómhargadh a bhunú (Comharthaí na Róimhe), ní raibh sé i bhfeidhm fós. Thug na Ballstáit an Ionstraim Eorpach Aonair isteach chun deireadh a chur le gach bac ar thrádáil agus ar shaorghluaiseacht (síniódh in 1986 í agus tháinig sí i bhfeidhm in 1987).

## 1993: TEORAINNEACHA OSCAILTE

An 1 Eanáir 1993, níorbh ann a thuilleadh do theorainneacha inmheánacha na mBallstát san Aontas Eorpach. Tháinig an Margadh Aonair le saorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil i bhfeidhm.




## 2002: TABHAIRT ISTEACH AN EURO

Tugadh isteach an euro sa chóras baincéireachta i 1999. Ach níor thosaigh daoine ar a bheith ag úsáid boinn agus nótaí euro go dtí an 1 Eanáir 2002.



## 2012: BUANN AN tAONTAS DUAIS NOBEL NA Síochána

Bronnadh an duais seo chun aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí Eorpacha ar son na síochána, ar son an athrhuinearais, ar son an daonlathais agus ar son chearta an duine.



## AN DARAGH COGADH DOMHANDA

Ní raibh fágtha san Eoraip ach fothracha tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Scríos an cogadh cathracha, bóithre agus go leor de thionsclaíocht na hEorpa. Bhí geilleagar na hEorpa ina chóir thuathail. Bhí tionchar díobhálach ag an gcogadh chomh maith ar leibhéal daonna: Maraíodh 55 milliún duine ar fud an domhain, gortaíodh 35 milliún agus theith 190 milliún a mbailte. Níos mó ná riamh, ní raibh ó dhaoine ach síocháin.



## 1951: CONRADH LENA MBUNAÍTEAR AN COMHPHOBAL EORPAIGH DO GHUAL AGUS CRUACH.

Bhí an Fhrainc, An Ghearmáin, An Iodáil, an Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg dearfach faoi dhearbhú Robert Schuman. Shínigh na sé thír sin Conradh Pháras i 1951. Tháinig an Comhphobal Eorpach do Ghual is Cruach (CEGC) i bhfeidhm i 1952.



© European Union, EP

## 1957: CONARHAÍ NA RÓIMHE: CONARHAÍ EURATOM AGUS CEE

Theastaigh ó na sé chéad thír comhtháthú eacnamaíoch a bheadh níos láidre fós. Mar sin, shínigh siad dhá chonradh nua i 1957: Conradh CEE agus Euratom, ar a dtugtar Conarthaí na Róimhe chomh maith.

- **Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE):** D'aontaigh na tíortha a ngeilleagair aonair a iompú ina chómhargadh, ag tosú le haontas custaim. Bhí an conradh seo ina thús leis an gcomhar sa talmhaíocht, san iascach, sa bheartas calafoirt agus sa bheartas iompair.

- **Euratom:** Is éard a bhí mar aidhm leis an gcomhar seo i bhfuinneamh núicléach ná taighde comhpháirteach sna húsáidanna a d'fhéadfaí a bhaint as fuinneamh núicléach chun leasa an tsaoaránaigh.

Tháinig Conarthaí na Róimhe i bhfeidhm i 1958.



Pictiúr: Conarthaí na Róimhe ásiní. © AP, 1957 - Source EC Audiovisual Service.

## 1992: AN CONRADH AR AN AONTAS EORPACH – CONRADH MAASTRICHT

I ndáiríre, ba é Conradh Maastricht an tús le comhar ar leibhéal polaitiúil, in éineacht leis an gcomhtháthú eacnamaíoch a bhí ann cheana. Tugadh ainm nua do na hiar-Chomhphobail Eorpacha: an tAontas Eorpach. Bhí trí chéim i gceist leis an Aontas Eorpach nua:

1. **Comhtháthú Eacnamaíoch:** Bheartaigh na Ballstáit comhtháthú eacnamaíoch a fheabhsú agus airgeadra coiteann Eorpach a bhunú: an euro.
2. Comhar maidir **leis an mbeartas eachtrach agus slándála.**
3. Comhar maidir **le gnóthaí baile agus ceartas.**

Síniódh an conradh i 1992 agus tháinig sé i bhfeidhm i 1993.



EUROPE@SCHOOL

## 1997: CONRADH AMSTARDAM

Nuair ba léir go mbeadh Oirthear na hEorpa ag teacht isteach san Aontas Eorpach, b'éigean a bheith réidh d'ardú suntasach i líon na mBallstát. Bhí athchóiriú ar an bpróiseas cinnteoireachta ag teastáil go géar: níos lú cinntí bunaithe ar chomhaontú agus níos mó cinntí bunaithe ar vótáil tromlaigh. Ba le Conradh Amstardam a rinneadh iarracht chun é seo a athrú den chéad uair (síniódh i 1997 é, agus tháinig sé i bhfeidhm 1999). Ní raibh an conradh chomh maith lena rabhtas ag súil, áfach.

## 2001: CONRADH NICE

Agus dáta aontachais na dtíortha nua ag druidim leo, rinneadh an dara hiarracht an tAontas Eorpach a athchóiriú i Nice (síniú i 2001, tagtha i bhfeidhm i 2003). Theip air chomh maith an próiseas cinnteoireachta a dhéanamh níos éasca.

## 2004-2005: BUNREACTH NA hEORPA

Tar éis an dá iarracht ar theip orthu AE a athchóiriú, ba é Bunreacth na hEorpa an tríú hiarracht é a athchóiriú i Meitheamh 2004. Mar gheall ar thábhacht Bhunreacth na hEorpa agus toisc gur úsáideadh an focal 'bunreacth', bheartaigh roinnt tíortha reifreann a eagrú.

Vótáil muintir na Fraince agus na hÍsiltíre i gcoinne an Bhunreacth nua seo don Eoraip. Caithfidh gach uile Bhallstát aontú le haon Chonradh nua de chuid an Aontais. Nuair nár aontaigh na tíortha sin leis an 'mBunreacth', caitheadh an i dtraipisí é.

## 2007: CONRADH LIOSPÓIN

Nuair a tháinig Conradh Liospóin isteach, tháinig athrú ar an gcaoi a bhfeidhmíonn institiúidí an Aontais. Bhí sé níos fusa cinntí a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach. Tháinig na rialacha nua i bhfeidhm i mí na Nollag 2009 agus is iad atá in úsáid fós san Aontas Eorpach.



Den 13. deцемber 2007 blev Lissabontraktaten undertegnet af de 27 medlemsstater i Lissabon © European Communities 2007

## 2016: REIFREANN SA RÍOCHT AONTAITHE I dtAOBH IMEACHT AS AN AONTAS

Ar an 23 Meitheamh 2016, cuireadh an cheist seo a leanas ar na daoine a raibh vóta acu sa Ríocht Aontaithe: 'Ar cheart don Ríocht Aontaithe fanacht in ball den Aontas Eorpach nó an tAontas Eorpach a fhágáil?' Vótáil 51.9% de na daoine ar son imeacht as agus vótáil 48.1% ar son fanacht ann. Chuir sé sin tús le caibidliochtáid maidir le himeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus a d'fhág gurbh í an chéad tír riamh í a d'ímigh as an Aontas.

Referendum on the United Kingdom's membership of the European Union

Vote only once by putting a cross (X) in the box next to your choice

Should the United Kingdom remain a member of the European Union or leave the European Union?

Remain a member of the European Union

Leave the European Union

Páipear vótála do reifreann Brexit ar an 23 Meitheamh 2016.

## 2020: TARRAINGIÓNN AN RÍOCHT AONTAITHE SIAR ÓN AONTAS GO HOIFIGIÚIL

D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach go hoifigiúil ar an 31 Eanáir 2020, tar éis trí bliana de chaibidliocht.



EUROPE@SCHOOL